Straitéis Inbhuanaitheachta

2026–2030



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



Clár an Ábhair

leathanach

1. Réamhrá **1**
1.1. Cuspóir na Straitéise 1
1.2. Comhthéacs 1
1.3. Tionchar a Thuiscint 2
2. Creat Reachtaíochta agus Beartais **4**
2.1. Creat Eorpach 4
2.2. An Reachtaíocht Náisiúnta Aeráide 4
2.3 Sainorduithe na hEarnála Poiblí 5
2.4 Beartas Bithéagsúlachta agus Oiriúnaithe 5
2.5 Beartas Oidhreachta 5
3. Anailís Sonraí **7**
3.1. Foinse agus Modhanna Sonraí 7
3.2. Tionchair Ábhartha 7
3.3. Limistéir Neamhábhartha ach Bhainteacha 7
3.4. Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 8
4. Stádas Reatha **10**
5. Oibreacha Caipitiúla ar Áras na hOidhreachta **12**
5.1. Clár Oibreacha Leanúnacha (2024-2025) 12
5.2. Foireann dearaidh faoi stiúir caomhnú a cheapadh (2026). 12
5.3. Clár oibreacha céimnithe a fhorbairt (2026-2027) 12
5.4. Toiliú agus caighdeáin 13
5.5. Maoiniú agus céimniú 13
5.6. Fianaise agus foghlaim 13
6. Cuspóirí agus Spriocanna Straitéiseacha **15**
7. Rialachas agus Cuntasacht **21**
8. Monatóireacht, Measúnú agus Athbhreithniú **22**
9. Rannpháirtíocht agus Feasacht **24**
10. Leabharliosta **26**
11. Aguisíní **28**
Aguisín 1. Sonraí Bonnlíne 28
Aguisín 2 Gníomhartha Mionsonraithe agus na rannóga agus spriocanna freagracha 31
Aguisín 3. Tionchair Ábhartha Chomhshaoil 35
Aguisín 4. Achoimre ar Rioscaí 36



1 Réamhrá

Tá sainchúram reachtúil ar an gComhairle Oidhreachta faoin Acht Oidhreachta, 1995 chun beartas agus gníomhaíocht náisiúnta a threorú maidir le caomhnú, tuiscint agus taitneamh a bhaint as oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha na hÉireann. Le blianta beaga anuas, tá ról ceannaireachta glactha ag an gComhairle freisin maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn laistigh den earnáil oidhreachta, agus í ag aithint go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na bagairtí is mó ar an oidhreacht, ach gur réimse é freisin inar féidir leis an oidhreacht cur go mór le hoiriúnú agus teacht aniar aeráide.

Leagtar amach sa Straitéis seo an chaoi a bhfeabhsóidh an Chomhairle Oidhreachta a feidhmíocht chomhshaoil agus a mbeidh sí chun tosaigh maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála oidhreachta don tréimhse 2026-2030.

Tá an Straitéis bunaithe ar fhianaise a bailíodh trí anailís agus trí idirchaidreamh a rinneadh le déanaí. Leis an Iniúchadh Fuinnimh ar Áras na hOidhreachta (Antaris, 2023), bunaíodh bonnlíne shoiléir maidir le húsáid fuinnimh laistigh den eagraíocht. Leis an Measúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta (Fehily Timoney and Co, 2024), leathnaíodh an díriú chun taisteal foirne, soláthar, dramhaíl, uisce agus cur i bhfeidhm clár a chuimsiú, agus aithníodh na réimsí inar féidir leis an gComhairle Oidhreachta tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a laghdú agus tionchair dhearfacha a neartú. Chuidigh tuairimí agus léargas na foirne, na n-údarás áitiúil, na gcomhpháirtithe náisiúnta agus na ngrúpaí pobail leis na tosaíochtaí a mhúnlú tuilleadh. Tá sonraí bliantúla Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), a thiomsaítear faoi Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí, mar bhonn agus taca le spriocanna na Straitéise agus feidhmíonn siad mar phointe tagartha chun dul chun cinn leanúnach a mheas.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sna míreanna seo a leanas bunaithe ar an bhfianaise seo, rud a chinntíonn go ndírítear gníomhaíochtaí ar na réimsí inar féidir leis an gComhairle Oidhreachta an tionchar dearfach is mó a imirt.

1.1 Cuspóir na Straitéise

Leagtar amach sa Straitéis an chaoi a gcomhlíonfaidh an Chomhairle Oidhreachta a hoibleagáidí reachtúla faoin an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus faoi Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2025, monatóireacht agus tuairisciú bliantúil chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus spriocanna 2030 maidir le hastaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú san áireamh. Déanann an Straitéis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bhfeidhmiú na Comhairle ar bhealaí a chosnaíonn an oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha, agus a fheabhsaíonn tionchar dearfach a cuid clár ag an am céanna. Tá sé mar aidhm aici freisin ceannaireacht a léiriú agus samhail inchreidte de ghníomhú intomhaiste a chur ar fáil don fhoireann, comhpháirtithe agus deontaithe.

1.2 Comhthéacs

Tá tionchar ag an athrú aeráide ar oidhreacht na hÉireann cheana féin. Tá ardú leibhéal na farraige, báisteach níos troime, athruithe teochta agus cailleadh na bithéagsúlachta ag cur brú ar thimpeallachtaí stairiúla, ar thraidisiúin chultúrtha agus ar éiceachórais nádúrtha. Ní mór don Chomhairle Oidhreachta a hastaíochtaí féin agus a húsáid acmhainní a laghdú, agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin níos leithne seo de réir mar a leanann an aeráid ag athrú.

Leagtar creat na Straitéise seo amach i ngealltanais náisiúnta agus Eorpacha na hÉireann maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht. Leagtar síos spriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le hastaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus i Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2025. Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 agus Dlí um Athbhunú Dúlra Dlí an AE leis na spriocanna sin. Leagtar an creat reachtaíochta iomlán don Straitéis seo amach i Mír 2.

1.3 Tionchar a Thuiscint

Léiríonn anailís ar shonraí agus ar mheasúnuithe a rinneadh le déanaí go n-eascraíonn príomhthionchair inmheánacha na Comhairle Oidhreachta as úsáid fuinnimh agus taisteal, agus go bhfuil ról níos lú, ach ról ábhartha fós, ag soláthar, dramhaíl agus uisce i ngníomhaíochtaí laethúla na heagraíochta. Cé go bhfuil astaíochtaí díreacha na heagraíochta teoranta i gcomhthéacs thionchar iomlán na hearnála poiblí, tá tionchar i bhfad níos leithne aici trína cláir, a scéimeanna deontais agus a comhpháirtíochtaí. Tá sé ríthábhachtach don Straitéis cothromaíocht a bhaint amach idir an dá réimse tionchair seo – an réimse oibríochtúil agus an réimse straitéiseach.

Sainaithníodh príomhrioscaí sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an Aeráid freisin, díobháil fhéideartha san áireamh do chreatlach stairiúil foirgneamh de bharr oibreacha iarfheistithe nach bhfuil deartha i gceart, teannas idir caomhnú agus dícharbónú, agus dúshláin maidir le caighdeáin inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm ar thionscadail agus ar chomhpháirtithe a fhaigheann maoiniú. Chuir na torthaí seo bonn eolais faoi na gníomhaíochtaí agus an cur chuige rialachais atá leagtha amach sa Straitéis.



2 Creat Reachtaíochta agus Beartais



Tá an Straitéis bunaithe ar oibleagáidí reachtúla agus beartais idirnáisiúnta agus náisiúnta.

2.1 Creat Eorpach

Is é an Comhaontú Glas don Eoraip (2019) an creat beartais uileghabhálach a threoraíonn aistriú an Aontais Eorpaigh i dtreo geilleagar inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Cuimsítear ann tionscnaimh a bhaineann leis an aeráid, an bhithéagsúlacht, an geilleagar ciorclach, fuinneamh agus an cultúr, bearta san áireamh chun oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha na hEorpa a chosaint agus a chur in oiriúint don athrú aeráide. Maidir leis an gComhairle Oidhreachta, baineann a thábhacht leis an gcaoi a nascann sé gníomhú ar son na haeráide le cosaint an chomhshaoil, le hionchuimsiú sóisialta agus le luach cultúrtha. Cuireann an Comhaontú Glas an cúlra straitéiseach ar fáil don Dlí Aeráide Eorpach agus do Dhlí um Athbhunú Dúlra an AE, a mhúnlaíonn oibleagáidí sonracha na hÉireann. Treisíonn sé freisin téamaí atá lárnach d'obair na Comhairle, amhail úsáid inbhuanaithe talún, éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhthéacs scileanna agus foirgnimh thraidisiúnta, agus ról na hoidhreachta maidir le teacht aniar pobail agus aistriú cóir a chur chun cinn.

Tugann an Dlí Aeráide Eorpach (Rialachán (AE) 2021/1119) éifeacht dhlíthiúil d'uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais, agus leagtar síos leis sprioc cheangailteach maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030. Sainítear leis an gcreat faoina gcaithfidh gach Ballstát, Éire san áireamh, gníomhú ar son na haeráide a phleanáil agus tuairisciú air. Maidir leis an gComhairle Oidhreachta, leagann sé síos an treo ginearálta a threoraíonn reachtaíocht náisiúnta, amhail an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus atá mar bhonn agus taca leis na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis seo.

Leagtar síos sa Dlí um Athbhunú Dúlra an AE (2024) spriocanna ceangailteacha maidir le héiceachórais a athchóiriú, lena n-áirítear bogaigh, tailte portaigh agus féarthailte. Tá baint dhíreach aige seo le hobair na Comhairle maidir le bithéagsúlacht agus tírdhreacha, agus éilíonn sé go ndéanfaí cuspóirí athchóirithe a chomhtháthú i bhfeidhmeanna pleanála, maoinithe agus comhairleacha na Comhairle.

2.2 An Reachtaíocht Náisiúnta Aeráide

Ar leibhéal náisiúnta, tugann Éire éifeacht do na gealltanais Eorpacha seo tríd an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Leagtar síos san Acht spriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050 agus laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030. Ceanglaítear leis an Acht buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála a ullmhú, agus cuirtear dualgas ar gach comhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhréir leis na cuspóirí sin. Ceanglaítear le hAlt 15(1) den Acht ar chomhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá i gcomhréir le pleananna ceadaithe um ghníomhú ar son na haeráide, straitéisí fadtéarmacha, creataí oiriúnaithe agus an cuspóir náisiúnta aeráide. Maidir leis an gComhairle Oidhreachta, ciallaíonn sé seo nach mór a bheith in ann a léiriú go bhfuil gníomhaíochtaí oibríochtúla agus cur i bhfeidhm clár araon i gcomhréir leis an Acht, agus go bhfuil cúrsaí aeráide comhtháite i bpróisis rialachais agus chinnteoireachta.

Déantar na hoibleagáidí sin a aistriú ina spriocanna sonracha intomhaiste ar fud na n-earnálacha uile trí na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide, lena n-áirítear Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 agus na pleananna a thiocfaidh ina dhiaidh. Cuireann siad an creat ar fáil do ghníomhaíochtaí inmheánacha na Comhairle Oidhreachta agus dá rannchuidiú níos leithne i réimsí amhail an timpeallacht thógtha, ceannaireacht san earnáil phoiblí, iompar agus bithéagsúlacht.

2.3 Sainorduithe na hEarnála Poiblí

Leagtar amach i Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2025 na hoibleagáidí díreacha atá ar gach comhlacht poiblí. Áirítear leo sin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030, deireadh a chur de réir a chéile le córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise nuair is indéanta, agus aistriú chuig feithiclí astaíochtaí ísle i bhflíteanna poiblí. Léirítear comhlíonadh na gceanglas trí thuairisciú bliantúil chuig córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Leagtar síos leis seo spriocanna oibríochtúla na Comhairle Oidhreachta maidir le húsáid fuinnimh, taisteal agus soláthar. Is iad tuarascálacha bliantúla na Comhairle chuig an SEAI an taifead reachtúil agus an bhonnlíne feidhmíochta don Straitéis seo araon.

2.4 Beartas Bithéagsúlachta agus Oiriúnaithe

Leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 (NBAP) spriocanna náisiúnta maidir le caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta. Ní mór, dá bhrí sin, do chláir bhithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta a chinntiú go dtacaíonn gníomhaíochtaí ar son na haeráide leis an mbithéagsúlacht freisin, trí dhíobháil a sheachaint agus deiseanna a chruthú chun tairbhí comhroinnte a bhaint amach.

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe (2024) cur chuige na hÉireann maidir le teacht aniar aeráide a neartú. Aithnítear ann gur earnáil leochaileach í earnáil na hoidhreachta a bhfuil gá le pleanáil shonrach oiriúnaithe ina leith. Faoin gcreat seo, tá dhá phríomhról ag an gComhairle Oidhreachta: sócmhainní oidhreachta a chosaint ar thionchair aeráide agus cabhrú le pobail dul in oiriúint don athrú aeráide trí chur chuige atá bunaithe ar an oidhreacht.

2.5 Beartas Oidhreachta

Bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta leis an Acht Oidhreachta, 1995, agus sainítear ann sainchúram na Comhairle maidir leis an oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha. Ní mór gach obair a bhaineann leis an aeráid a bheith i gcomhréir leis an gcuspóir reachtúil seo, is é sin suim san oidhreacht, oideachas faoin oidhreacht, eolas ar an oidhreacht agus mórtas as an oidhreacht a chur chun cinn.

Leagtar amach an treo níos leithne do bheartas oidhreachta sa ráiteas beartais náisiúnta, Oidhreacht Éireann 2030. Cuireann sé an comhthéacs ar fáil do ról ceannaireachta na Comhairle Oidhreachta maidir leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht laistigh den earnáil oidhreachta.

Le chéile, ceanglaítear leis na creataí seo ar an gComhairle Oidhreachta astaíochtaí agus úsáid fuinnimh a laghdú, cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a chomhtháthú i ngach gné dá cuid oibre, agus a chinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht i gcomhréir lena sainchúram reachtúil faoin Acht Oidhreachta, 1995. Cuireann tuairisciú bliantúil trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) an sásra ar fáil chun cuntasacht agus trédhearcacht a chinntiú laistigh den chreat náisiúnta agus Eorpach maidir leis an aeráid.



3 Anailís Sonraí

Ó 2016 i leith, tá úsáid fuinnimh na Comhairle Oidhreachta á taifeadadh gach bliain trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), a chuireann an bhonnlíne oifigiúil ar fáil don tréimhse 2016-2018 agus a dhéanann rianú ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna Shainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí do 2030. Chuir an tIniúchadh Fuinnimh ar Áras na hOidhreachta (2023) agus an Measúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta (2024) sonraí oibríochtúla mionsonraithe ar fáil maidir le fuinneamh, taisteal, soláthar agus dramhaíl, rud a thug léargas soiléir ar na réimsí ina n-eascraíonn tionchair agus ina bhféadfadh gníomhaíochtaí a bheith is éifeachtaí.

Deimhníodh san Iniúchadh gurb iad téamh, uisce te agus córais téimh, aerála agus aerchóirithe (HVAC) is cúis le breis agus 80% den úsáid fuinnimh agus le níos mó ná 70% de na hastaíochtaí gaolmhara ag ceanncheathrú na Comhairle. Aithníodh deiseanna feabhsúcháin freisin trí mhonatóireacht níos fearr, uasghráduithe ar chreatlach an fhoirgnimh, feabhsúcháin soilsithe, athruithe iompraíochta agus roghanna fuinnimh in-athnuaite.

Deimhníodh sa Mheasúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta gurb iad úsáid fuinnimh agus taisteal na foinsí is mó d'astaíochtaí inmheánacha. Is ionann taisteal chun na hoibre agus míleáiste a bhaineann le gnó agus sciar suntasach de na hastaíochtaí sin. Cé gur lú an tionchar a bhíonn ag soláthar, dramhaíl agus lónadóireacht, tá tábhacht leo fós ó thaobh cleachtais laethúla agus rannpháirtíochta de. Leagadh béim freisin ar an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir gníomhú ar son na haeráide agus riachtanais chaomhnaithe, go háirithe maidir le hiarfheistiú struchtúr stairiúil.

3.1 Foinse agus Modhanna Sonraí

- Straitéis Tosaigh um Fhuinneamh agus Laghdú Astaíochtaí Carbóin (Bluett agus O'Donoghue, 2022)
- Iniúchadh Fuinnimh (Antaris, 2023)
- Tacar sonraí M&T an SEAI (2016 - an t-am i láthair)
- Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara (2024)
- Measúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta (Fehily Timoney, 2024)

3.2 Tionchair Ábhartha

Léiríonn an fhianaise gurb iad úsáid fuinnimh agus taisteal na tionchair inmheánacha is suntasaí. Cé gur lú an tionchar carbóin a bhaineann le soláthar agus dramhaíl, tá siad ríthábhachtach chun cleachtais inbhuanaithe a leabú i bhfeidhmiú na heagraíochta. Taobh amuigh dá cuid oibríochtaí, tá i bhfad níos mó féidearthachtaí ag an gComhairle Oidhreachta tionchar a imirt ar an earnáil trína cláir, a deontais agus a comhpháirtíochtaí.

3.3 Limistéir Neamhábhartha ach Bhainteacha

Cé gur beag an méid a chuireann úsáid uisce, dramhaíl agus gnáthúsáid acmhainní eile le hastaíochtaí, tá siad fós faoi raon feidhme na Straitéise toisc go bhfuil siad le feiceáil ag baill foirne agus ag cuairteoirí, go bhfuil siad ag teacht leis an mbeartas náisiúnta maidir leis an ngeilleagar ciorclach, agus go dtacaíonn siad le feabhsúcháin ar chostas íseal a threisíonn na príomhchuspóirí.

3.4 Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Mar chuid den rannpháirtíocht a rinneadh i gcomhar leis an Measúnú ar Thionchar, cuireadh comhairliúchán inmheánach, plé spriocdhírithe le comhpháirtithe agus suirbhé ar líne ar fud na hearnála le chéile. D'aithin baill foirne go raibh dul chun cinn déanta maidir le taisteal a laghdú agus an inbhuanaitheacht a leabú i scéimeanna deontais, ach leag siad béim freisin ar an ngá le treoir níos soiléire agus bainistíocht fuinnimh níos éifeachtaí. Tharraing comhpháirtithe seachtracha, ranna rialtais, institiúidí náisiúnta agus údaráis áitiúla ina measc, aird ar na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide don oidhreacht agus ar an ngá le tacaíocht phraiticiúil don oiriúnú don athrú aeráide.

Léirigh an suirbhé ar líne, ar fuarthas 44 freagra air, go raibh imní mhór ann faoi thuilte, creimeadh, adhaimsir, cailleadh bithéagsúlachta agus oiriúnú foirgneamh. D'iarr freagróirí go gcuirfí critéir inbhuanaitheachta san áireamh i scéimeanna deontais agus go gcuirfí tuilleadh samplaí praiticiúla den dea-chleachtas ar fáil.

Le linn an phróisis rannpháirtíochta ar fad, aithníodh go comhsheasmhach, cé go bhfuil astaíochtaí díreacha na Comhairle measartha íseal, go bhfuil sí in ann tionchar a imirt ar thorthaí náisiúnta mar gheall ar a ról ceannaireachta agus ar fhairsinge a cuid maoinithe. Tá páirtithe leasmhara ag súil go gcuirfidh an Chomhairle fianaise iontaofa, treoir agus comhordú ar fáil ar fud na hearnála oidhreachta.

Leagann na torthaí seo béim ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá roimh an gComhairle Oidhreachta chun ceannaireacht a léiriú agus cleachtais inbhuanaithe a mhúnlú ar fud na hearnála oidhreachta.


Heritage Horiz
Pathways to the Future
A National Conference by the He
Heritage Horizons
Pathways to the Future
A National Conference by the Heritage Council

4 Stádas Reatha

Tuairiscíonn an Chomhairle Oidhreachta gach bliain do chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), arb é an sásra oifigiúil é chun dul chun cinn i leith Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí a rianú. Soláthraíonn tacar sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) an bhonnlíne don tréimhse 2016-2018 agus an tagarmharc do spriocanna 2030.

In 2024, ba é 200,754 kWh an tomhaltas iomlán fuinnimh in Áras na hOidhreachta, rud a ghin 33.7 tonna CO2. (Tábla 4 1). I gcomparáid leis an mbonnlíne, is ionann é sin agus laghdú 17% ar astaíochtaí agus feabhas 45% ar éifeachtúlacht fuinnimh. Ní mór astaíochtaí CO2 laghdú breise 10-12 thonna a dhéanamh chun sprioc 2030 a bhaint amach.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar na hastaíochtaí iomlána, is mar gheall den chuid is mó ar dhícharbónú na heangaí leictreachais náisiúnta atá sé sin. Go deimhin, tá méadú tagtha ar astaíochtaí CO2 ó bhreoslaí iontaise na Comhairle Oidhreachta, a eascraíonn go príomha as téamh gáis, ó thréimhse na bonnlíne i leith. Léiríonn sé seo úsáid níos mó a bheith á baint as an bhfoirgneamh tar éis tréimhse fáis inar tháinig méadú beagnach faoi dhó ar líon na mball foirne. Cé go bhfuil an méadú seo intuigthe, is ábhar imní é fós agus leagann sé béim ar an ngá le tús áite a thabhairt d'éifeachtúlacht an chórais téimh agus, ar deireadh, le haistriú ó chórais a úsáideann breoslaí iontaise.

Tábla 4.1 Úsáid Fuinnimh agus Astaíochtaí na Comhairle Oidhreachta, Bonnlíne 2016-2024 agus Spriocanna 2030

Táscaire	Bonnlíne (Meán 2016-2018)	2024 (sealadach)	Sprioc 2030	Athrú riachtanach
CO2 iomlán (kg)	40,680	33,705	14,685	–56%
CO2 iontaise (kg)	21,649	24,488	10,608	–57%
Innéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh	100	54.5	50.0	4.5 pointe

Mínítear san Iniúchadh Fuinnimh (2023) agus sa Mheasúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta (2024) na tosca oibríochtúla is cúis leis na figiúirí seo, agus aithnítear téamh agus uisce te mar na príomhfhoinsí tomhaltais fuinnimh agus taisteal mar an dara foinse astaíochtaí is mó. Léiríonn na miondifríochtaí idir sonraí an Iniúchta agus sonraí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) difríochtaí i raon feidhme an tuairiscithe; chun críocha reachtúla, tugtar tús áite do shonraí SEAI.

Ní dhéanann úsáid fuinnimh na Comhairle ach codán fíorbheag d'iomlán na hearnála poiblí — thart ar 0.003% den fhuinneamh iomlán a ídítear agus 0.002% de na hastaíochtaí (SEAI, 2024). Tá laghduithe ar thomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí ó oibríochtaí na Comhairle ríthábhachtach i gcónaí, ach is trína cláir mhaoinithe, a comhpháirtíochtaí agus a ceannaireacht bheartais is féidir leis an eagraíocht an tionchar is mó a imirt ar ghníomhú ar son na haeráide.

Tá tuilleadh sonraí maidir le feidhmíocht fuinnimh, miondealuithe san áireamh de réir cineál breosla, chomh maith le sonraí ón Iniúchadh Fuinnimh agus ón Measúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta, le fáil i Mír 11 in Aguisín 1.



5 Oibreacha Caipitiúla ar Áras na hOidhreachta

Is Struchtúr Cosanta é foirgneamh cheanncheathrú na Comhairle Oidhreachta i gCill Chainnigh agus tá rátáil Náisiúnta bronnta air ó thaobh a thábhachta ailtireachta de. Tá sé faoi chosaint freisin faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2014. Mar eagraíocht náisiúnta oidhreachta, tá dualgas ar an gComhairle aire a thabhairt do thábhacht oidhreachta a foirgnimh agus í a chosaint, agus an dualgas sin a chothromú leis an ngá atá ann a léiriú conas is féidir le foirgnimh den chineál seo a bheith ina n-eiseamláirí den dea-chleachtas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Éilíonn cur chuige den sórt sin pleanáil chúramach, mheáite agus mhachnamhach lena mbaintear luach ar airgead amach agus lena gcosnaítear tábhacht oidhreachta an choimpléisc ag an am céanna. Tá creat rialála ann freisin maidir le foirgnimh den chineál seo nach mór cloí leis.

Tugtar ráiteas achomair sa mhír seo ar na hoibreacha iarfheistithe atá beartaithe don fhoirgneamh. Beidh raon feidhme agus seicheamh na n-oibreacha ag brath ar anailís chúramach ar na himpleachtaí caomhnaithe, ar an toiliú riachtanach agus ar an maoiniú a bheidh ar fáil.

5.1 Clár Oibreacha Leanúnacha (2024-2025)

Tá tús curtha cheana féin ag an gComhairle Oidhreachta le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh Áras na hOidhreachta. Tá uasghráduithe ar na fuinneoga faoi stiúir caomhnú, agus feabhsúcháin ar an soilsiú ag céim an toilithe agus na tairisceana anois. Tá athbhreithniú á dhéanamh freisin ar na córais rialaithe téimh chun éifeachtúlacht a fheabhsú sula dtabharfar faoi thuilleadh oibreacha iarfheistithe. Is iad na gníomhaíochtaí seo an chéad chéim de chlár níos fadtéarmaí struchtúrtha a leanfar ar aghaidh leis thar na cúig bliana amach romhainn.

5.2 Foireann dearaidh faoi stiúir caomhnú a cheapadh (2026).

Cuirfidh foireann ildisciplíneach leis na hoibreacha atá ar bun faoi láthair chun clár mionsonraithe costáilte a ullmhú ina dtabharfar tús áite do na hoibreacha feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh agus do na feabhsúcháin ar chreatlach an fhoirgnimh a aithníodh in Iniúchadh Fuinnimh 2023.

5.3 Clár oibreacha céimnithe a fhorbairt (2026-2027)

Déanfaidh an fhoireann deartha bearta breise a phleanáil, amhail insliú an dín agus na síleálacha, cosaint ar shéideáin aeir, athsholáthar an chórais téimh agus comhtháthú féideartha córas fuinnimh in-athnuaite ar scála beag, agus cinnteoidh sí go n-urramófar stádas cosanta an fhoirgnimh i ngach idirghabháil. Cuirfear stádas caomhnaithe an fhoirgnimh san áireamh ag gach céim d'fhorbairt na dtionscadal iarfheistithe.

Cé go gcuirtear na céimeanna thuas i láthair in ord, i ndáiríre beidh forluí idir forbairt an dearaidh, iarratais ar mhaoiniú, próisis cheadaithe agus oibreacha tógála ar ghnéithe éagsúla. Tá an cur chuige seo ag teacht leis an ngnáthchleachtas caomhnaithe agus cinntíonn sé gur féidir dul ar aghaidh le feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh a luaithe a bheidh na ceadanna agus na hacmhainní riachtanacha ar fáil.

Chun treoir a thabhairt do chinntí maidir le dearadh agus maoiniú, leagtar amach thíos na dréacht-tionscadail tosaíochta seo a leanas d'Áras na hOidhreachta. D'fhéadfadh na mionsonraí agus ord na dtosaíochtaí athrú de réir mar a gheofar tuilleadh eolais ar riachtanais an fhoirgnimh. Ní chuirtear

fuinneoga ná soilsiú san áireamh anseo toisc go bhfuil na cláir oibre sin ar bun cheana féin agus dul chun cinn suntasach déanta orthu, agus próisis toilithe agus soláthair ar leith á leanúint ina leith. Díríonn na tionscadail thíos ar chreatlach an fhoirgnimh, ar chórais téimh agus ar fhuinneamh in-athnuaite. Leis an seicheamh seo, laghdaítear caillteanas teasa ar dtús, ansin laghdaítear an t-éileamh ar na córais téimh, agus ina dhiaidh sin déantar an téamh a dhícharbónú agus cuirtear foinsí fuinnimh in-athnuaite leis. Tá gach beart faoi réir athbhreithniú caomhnaithe agus toiliú reachtúil.

1. **Caillteanas teasa inseachanta a laghdú.**

   Déanfar pacáiste oibreacha ar chreatlach an fhoirgnimh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Áireofar ar na bearta insliú an dín agus na mballaí, chomh maith le bainistiú caillteanais teasa laistigh den fhoirgneamh.

2. **Taighde a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le téamh agus uisce te.**

   Coimisiúnófar staidéar ar na roghanna atá ar fáil chun an réiteach is inbhuanaithe a chinneadh, ar réiteach é a bheidh ag teacht le stádas caomhnaithe an fhoirgnimh agus le riachtanais chompord na n-áititheoirí. Cuirfear dearadh coincheapúil, plean céimnithe, costais chaipitil agus oibriúcháin, bealach maoinithe, impleachtaí don eangach leictreachais agus plean oibríochtaí ar fáil mar thoradh ar an staidéar.

3. **Athruithe gléasra a sholáthar.**

   Déanfar an réiteach roghnaithe maidir le téamh agus uisce te a sholáthar agus a chur isteach, le córais rialaithe shoiléire agus oibriú atá éasca le húsáid.

4. **Athnuaiteáin a dhearadh agus a chur isteach.**

   Tar éis staidéar a dhéanamh ar na himpleachtaí teicniúla agus caomhnaithe, cuirfear painéil fhótavoltacha ghréine oiriúnacha isteach, ag tosú le díon an Phailliúin. Beidh aon suíomhanna breise faoi réir riachtanais chaomhnaithe agus phleanála.

Féadfar dul ar aghaidh le forbairt an dearaidh, le próisis cheadaithe reachtúla agus le hullmhúcháin mhaoinithe ag an am céanna, i gcás ina laghdófar fad an chláir oibre agus an cur isteach dá bharr.

5.4 Toiliú agus caighdeáin

Beidh gach obair faoi réir athbhreithniú caomhnaithe agus toiliú reachtúil. Beidh sé riachtanach go mbeidh trealamh soilsithe, téimh agus córais mheicniúla atá le soláthar ar liosta Triple-E, agus cuirfear critéir Sholáthair Phoiblí Ghlais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) i bhfeidhm nuair is ábhartha.

5.5 Maoiniú agus céimniú

Beidh gach obair atá beartaithe ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil. Ullmhófar plean céimnithe in 2026-2027, gheofar na ceaduithe agus an maoiniú riachtanach in 2027-2028, agus cuirfear na hoibreacha cur isteach i gcrích idir 2028 agus 2030. Eagrófar na céimeanna oibre chun an cur isteach ar bhaill foirne agus ar úsáid an fhoirgnimh ag an bpobal a íoslaghdú.

5.6 Fianaise agus foghlaim

Déanfar feidhmíocht a fhíorú trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus trí fho-mhéadrú. Beidh sé mar aidhm cás-staidéar a ullmhú ar gach tionscadal, lena n-áireofar raon feidhme na n-oibreacha, an réasúnaíocht taobh thiar de na cinntí, coinníollacha na gceaduithe, costais, feidhmíocht agus torthaí an mheasúnaithe iar-áitíochta. Foilseofar cás-staidéar náisiúnta ar Áras na hOidhreachta a luaithe a bheidh an chéad phacáiste oibreacha curtha i gcrích.



6 Cuspóirí agus Spriocanna Straitéiseacha



Díríonn Straitéis Inbhuanaitheachta na Comhairle Oidhreachta ar ghníomhaíochtaí atá riachtanach de réir an dlí agus ar bhearta ceannaireachta is féidir a chur i bhfeidhm leis na hacmhainní atá ar fáil cheana féin. Beidh cur i bhfeidhm na Straitéise ag brath ar chur chuige céimnithe agus, mar atá leagtha amach i Mír 5, i gcás ina mbeidh oibreacha ar fhoirgnimh i gceist, ar fhoireann deartha a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus saineolas caomhnaithe aici a fhostú.

Tá na cúig sprioc straitéiseacha ceaptha lena gcur chun cinn i gcomhthráth seachas ceann i ndiaidh a chéile. Cé go ndíreofar ar dtús ar oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus ar fheabhsúcháin fuinnimh a chur chun cinn in Áras na hOidhreachta, déanfar obair ullmhúcháin, forbairt dearaidh agus iarratais ar mhaoiniú a chur chun cinn ag an am céanna. Cuirfidh sé seo ar chumas na Comhairle Oidhreachta an dul chun cinn a choinneáil ar siúl, leas a bhaint as na deiseanna atá ar fáil agus dul in oiriúint d'fhorbairtí nua beartais nó maoinithe thar an tréimhse cúig bliana.

Tá na spriocanna eagraithe mar seo a leanas:

- **Spriocanna comhlíonta (1-3):** Tá sé mar aidhm acu ceanglais reachtúla faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, agus faoi Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2025 a chomhlíonadh.
- **Spriocanna ceannaireachta (4-5):** Tá sé mar aidhm acu ceannaireacht inchreidte a léiriú ar leibhéal náisiúnta maidir leis an aeráid.

Roghnaíodh na cúig sprioc chun cothromaíocht a bhaint amach idir comhlíonadh ceanglas reachtúil agus uaillmhian atá indéanta. Léiríonn an tIniúchadh Fuinnimh go mbeidh ionchur ó shaineolaithe dearaidh ag teastáil chun feabhsúcháin shuntasacha a dhéanamh in Áras na hOidhreachta, seachas a bheith ag brath ar acmhainní inmheánacha amháin chun na hoibreacha a chur i gcrích. Léiríonn sé freisin go mbeidh laghduithe níos mó ar úsáid fuinnimh ag brath ar dhearadh comhtháite, ar mhonatóireacht níos fearr agus ar fhoghlaim chórasach ó oibreacha atá curtha i gcrích. Aithnítear san Iniúchadh freisin an fhéidearthacht atá ag an bhfoirgneamh feidhmiú mar shuíomh píolótach d'iarfheistiú inbhuanaithe ar struchtúir chosanta. Ar an gcúis sin, ní mar phróiseas athbhreithnithe inmheánaigh amháin atá Sprioc 5 ceaptha, ach mar ghealltanas don nuálaíocht, don léiriú praiticiúil agus don fhoghlaim chomhroinnte. Cuirfidh sé seo ar chumas na Comhairle Oidhreachta leas a bhaint as a taithí féin chun bonn eolais a chur faoi chleachtais níos leithne ar fud na hearnála oidhreachta.

Fís

Comhlíonfaidh an Chomhairle Oidhreachta a hoibleagáidí reachtúla maidir leis an aeráid, déanfaidh sí a tionchair féin a bhainistiú go freagrach, agus léireoidh sí conas is féidir le caomhnú na hoidhreachta cur le torthaí dearfacha don aeráid agus don bhithéagsúlacht.



Sprioc 1 Laghduithe intomhaiste ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí a bhaint amach in Áras na hOidhreachta

Tabharfar tús áite do na hoibreacha cearta a dhéanamh san ord ceart, de réir phrionsabail an chaomhnaithe. Leanfar de Mhonatóireacht agus Tuairisciú an SEAI, agus úsáidfear cur chuige an SEAI maidir le bainistíocht fuinnimh mar an príomhchreat chun na hoibreacha a chur i bhfeidhm. Ceapfar foireann deartha faoi stiúir caomhnú, ullmhófar clár oibreacha céimnithe, agus gheofar na ceaduithe reachtúla agus an maoiniú riachtanach sula gcuirfear na hoibreacha amach ar thairiscint. Cuirfear na hoibreacha i gcrích ar bhonn leanúnach, agus díreofar ar chreatlach an fhoirgnimh, ar na córais seirbhísí agus ar na córais rialaithe atá oiriúnach do struchtúr cosanta. Cuirfear an dul chun cinn in iúl chun muinín a chothú agus chun na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt ar fud na hearnála oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha.

Gníomhartha

1. Leanúint de Mhonatóireacht agus Tuairisciú bliantúil an SEAI agus clár bainistíochta fuinnimh an SEAI a chur i bhfeidhm mar an príomhchreat chun na hoibreacha a chur i gcrích.
2. Foireann deartha faoi stiúir caomhnú a cheapadh (2026).
3. Clár céimnithe d'oibreacha caomhnaithe agus iarfheistithe a fhorbairt (2026-2027).
4. An toiliú agus an maoiniú riachtanach a fháil (2027-2028).
5. Na hoibreacha iarfheistithe atá beartaithe a chur i gcrích ar bhonn leanúnach (2028-2030).
6. Clár cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le linn na n-oibreacha iarfheistithe ar an bhfoirgneamh.



Sprioc 2 An inbhuanaitheacht a leabú i soláthar agus in oibríochtaí laethúla

Beidh cinntí maidir le soláthar agus oibríochtaí laethúla ag teacht le treoir phraiticiúil, agus déanfar monatóireacht lena chinntiú go gcuirfear na cinntí sin i bhfeidhm. Cuirfear prionsabail an tSoláthair Phoiblí Ghlais i bhfeidhm sna catagóirí ábhartha uile, de réir na treorach reatha ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Glacfar cur chuige comhréireach i leith deontaithe, agus cuirfear doiciméid shamplacha ar fáil dóibh. Comhlíonfaidh ceannacháin trealaimh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus gléasra caighdeáin na hearnála poiblí, laghdófar dramhaíl agus déanfar í a athchúrsáil ar bhealach cuí, agus cuirfear Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí i bhfeidhm.

Gníomhartha

1. An beartas soláthair a nuashonrú chun a chinntiú go gcuirtear critéir an tSoláthair Phoiblí Ghlais (GPP) de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) san áireamh i ngach tairiscint ábhartha.
2. Seiceáil ar chomhlíonadh cheanglais an tSoláthair Phoiblí Ghlais a thabhairt isteach mar chuid d'iniúchtaí soláthair.

3. A chinntiú go gcomhlíonann soláthar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) na caighdeáin riachtanacha éifeachtúlachta fuinnimh don earnáil phoiblí.
4. A éileamh go mbeidh gach córas nua soilsithe, téimh agus meicniúil ar chlár Triple E de tháirgí atá ceadaithe mar tháirgí atá tíosach ar fhuinneamh.
5. Deireadh a chur le plaistigh aonúsáide ag cruinnithe agus athchúrsáil a leathnú chun dramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus cadhnraí a chur san áireamh.
6. Na bearta éifeachtúlachta acmhainní a cheanglaítear faoi Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta maidir le huisce, dramhaíl, dramhaíl bhia agus páipéar.
7. A éileamh go gcaithfear 10% ar a laghad den chaiteachas bliantúil iomlán faoi gach conradh nua soláthair bia ar tháirgí orgánacha deimhnithe, agus go gcuirfear deimhniú bailí agus sonraisc mhiondealaithe ar fáil mar fhianaise air sin.
8. Taisteal oibre a laghdú agus aistriú chuig modhanna taistil a bhfuil astaíochtaí carbóin níos ísle ag baint leo, lena n-áirítear measúnú ar roghanna taistil a thabhairt isteach agus taifead a choinneáil ar an gcaoi a ndéantar cinntí maidir leis an ngá le heitiltí.

Sprioc 3 Scileanna agus rialachas a neartú chun tacú le soláthar

Leis an sprioc seo, déanfar an inbhuanaitheacht a chomhtháthú sa chaoi a reáchtáiltear an eagraíocht, seachas í a bheith ina gné bhreise. Forbróidh baill foirne, an Fhoireann Ardbhainistíochta agus an Bord na scileanna atá riachtanach chun pleanáil, soláthar agus tuairisciú a dhéanamh ar bhealach inchreidte. Neartófar an rialachas trí thuairisciú bliantúil a bheidh ailínithe le timthriall tuairiscithe an Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus úsáid á baint as sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) an SEAI agus as Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí. Déanfar na hionchais a leabú i bpleananna foirne, i mbuiséid agus i gcuspóirí an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Cabhróidh treoir ghearr phraiticiúil agus acmhainní ar líne le faighteoirí deontas agus le líonraí oifigeach na caighdeáin chéanna a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre féin.

Gníomhartha

1. Oiliúint bhliantúil ar an inbhuanaitheacht a chur ar fáil do gach ball foirne agus don Fhoireann Ardbhainistíochta. Cinnteoidh an Chomhairle go gcuirfear oiliúint bhreise ar cheannaireacht aeráide i gcrích faoi 2028.
2. Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn a fhoilsiú, a bheidh ailínithe le sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) an SEAI agus le Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.
3. Gealltanais inbhuanaitheachta a leabú i bpleananna foirne, i mbuiséid agus i gcuspóirí an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).
4. Seisiúin ghearra treorach nó acmhainní ar líne a fhorbairt d'fhaighteoirí deontas agus do bhaill foirne maidir leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil tionscadal agus i soláthar.
5. Foireann Ghlas inmheánach ghníomhach a choinneáil ar bun chun tacú le tionscnaimh faoi stiúir na mball foirne, feabhsúcháin ar chostas íseal a aithint agus athruithe praiticiúla sa ghnáthobair laethúil a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.



Sprioc 4 Ceannaireacht a léiriú agus an fhoghlaim a roinnt ar fud na hearnála oidhreachta

Léireoidh an Chomhairle Oidhreachta ceannaireacht trí líon beag acmhainní soiléire úsáideacha a chur ar fáil ar féidir le daoine eile leas a bhaint astu. Déanfar tionscadail a dhoiciméadú agus treoir a chur ar fáil ina leith, lena n-áirítear na ceachtanna a foghlaimíodh nuair nach n-éiríonn le bearta áirithe. Díreoidh foirne uirlisí agus imeachtaí ar chinntí laethúla a bhaineann leis an oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha. Cuirfear sonraí ar fáil go hoscailte, beidh na modhanna in-athdhéanta, agus beidh sé mar aidhm feabhsúcháin sheasta, chruthaithe a chur chun cinn ar féidir le húdaráis áitiúla, faighteoirí.

Gníomhartha

1. Cás-staidéar náisiúnta a fhoilsiú ar iarfheistiú Áras na hOidhreachta, lena n-áireofar costais, sonraí feidhmíochta, ceachtanna a foghlaimíodh agus treoir is féidir a chur i bhfeidhm ar struchtúir chosanta eile.

2. Sraith straitéisí phraiticiúil amháin nó páipéar beartais amháin a ullmhú gach dara bliain maidir le hiarfheistiú inbhuanaithe, bithéagsúlacht nó soláthar ísealcharbóin.

3. Imeachtaí bliantúla piarfhoghlama a eagrú le gairmithe oidhreachta sna húdaráis áitiúla, chun cleachtais áitiúla a nascadh le cuspóirí náisiúnta aeráide.

4. Leanúint de chritéir agus cuspóirí a bhaineann le tairbhí aeráide a chomhtháthú i ngach scéim deontais. Tús áite níos mó a thabhairt don inbhuanaitheacht agus do thairbhí aeráide laistigh de scéimeanna sonracha trí na critéir agus na cuspóirí a nuashonrú. Nótaí treorach simplí a chur ar fáil chun cabhrú le hiarratasóirí freagairt go héifeachtach do na ceanglais sin. Bealaí praiticiúla a aithint chun tionchar na dtionscadal maoinithe ar an aeráid agus ar an inbhuanaitheacht a thomhas agus a thuairisciú

5. An inbhuanaitheacht a leabú sna cláir náisiúnta Thaighde, Foghlama agus Oidhreachta Cultúrtha, lena n-áirítear an clár Oidhreacht sna Scoileanna agus an Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (MSPI)

6. An inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na gclár for-rochtana, lena n-áirítear an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta

7. An inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na gclár oidhreachta tógtha, lena n-áirítear Líonra Bailte Múrtha na hÉireann, Scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta agus an clár Glac le Séadchomhartha

8. Sraith dhigiteach ‘Scéalta Oidhreachta’ a fhorbairt, lena nascfar tionscadail na Comhairle Oidhreachta le taighde agus léirmhíniú maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide i gcomhthéacs na hoidhreachta.

Sprioc 5 Feabhsú leanúnach a chothú trí athbhreithniú agus meastóireacht rialta

Bainfidh an Chomhairle Oidhreachta úsáid as athbhreithnithe rialta chun a mheas an bhfuil na gníomhaíochtaí ag baint amach na dtorthaí atá beartaithe, agus chun athruithe a dhéanamh nuair is gá. Tacóidh sonraí neamhspleácha agus comhairle shaineolach le cinntí a bhainfidh cothromaíocht amach idir spriocanna aeráide agus cuspóirí caomhnaithe.

Gníomhartha

1. Grúpa beag saineolaithe a bhunú chun comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna teicniúla, caomhnaithe agus monatóireachta, agus chun cabhrú leis na ceachtanna a foghlaimíodh a aistriú ina dtreoir agus ina n-oiliúint ar leibhéal náisiúnta.
2. Áras na hOidhreachta a úsáid mar shuíomh píolótach don nuálaíocht, agus torthaí teicniúla agus monatóireachta a fhoilsiú chun bonn eolais a chur faoi chleachtais náisiúnta.
3. An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú laistigh de shé mhí ó fhoilsiú gach Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta nua.
4. Athbhreithniú meántéarma a choimisiúnú in 2028 agus meastóireacht deiridh in 2030 chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhoiriúnacht na Straitéise le caomhnú na hoidhreachta a mheas.


Ceangal
A Heritage Council programme
An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage
CCMA
Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

7 Rialachas agus Cuntasacht

Cuirfear Straitéis Inbhuanaitheachta na Comhairle Oidhreachta i bhfeidhm de réir chreat rialachais reatha na Comhairle, agus déanfaidh an Bord maoirseacht uirthi, agus beidh an Fhoireann Ghlas freagrach as an gcomhordú laethúil.

Is ar Bhord na Comhairle Oidhreachta, a cheapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, atá an fhreagracht deiridh as an Straitéis a cheadú, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus comhlíonadh na gceanglas reachtúil a chinntiú. Déanann an Fhoireann Ardbhainistíochta gealltanais inbhuanaitheachta a chomhtháthú i mbuiséid, i bpleananna foirne agus in oibríochtaí, agus gníomhaíonn sí ar bhonn tuarascálacha rialta ón bhFoireann Ghlas.

Déanann an Fhoireann Ghlas, faoi chathaoirleacht an Cheannasaí um Athrú Aeráide, comhordú ar chur i bhfeidhm na Straitéise faoin Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Déanann sí monatóireacht ar an dul chun cinn, bainistíonn sí rioscaí agus cuireann sí rannpháirtíocht na mball foirne chun cinn. Tuairiscíonn sí don Fhoireann Ardbhainistíochta gach ráithe agus don Bhord gach bliain.

Cuireann Cinn Rannóige agus Bainisteoirí Clár na gníomhaíochtaí i bhfeidhm laistigh dá réimsí freagrachta féin, agus táthar ag súil go dtacóidh gach ball foirne le cur i bhfeidhm na Straitéise trína ngnáthchleachtais laethúla.

Cinntíonn an struchtúr seo go ndéantar an inbhuanaitheacht a leabú i gcinnteoireacht chorparáideach, go mbíonn cúrsaí oidhreachta mar threoir do gach gníomhaíocht, agus gur féidir leis an gComhairle Oidhreachta dul chun cinn trédhearcach agus cuntasach a léiriú i dtreo a hoibleagáidí maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht a chomhlíonadh.

8 Monatóireacht, Measúnú agus Athbhreithniú



Cinnteoidh an mhonatóireacht go mbainfidh an Straitéis Inbhuanaitheachta torthaí intomhaiste amach agus go leanfaidh sí de cheanglais náisiúnta a chomhlíonadh. Bainfidh an Chomhairle Oidhreachta úsáid as córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus as Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí mar na príomhshásraí chun feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí a rianú.

Beidh na príomhtháscairí ailínithe leis na cúig sprioc straitéiseacha, agus cumhdóidh siad úsáid fuinnimh, soláthar, oiliúint, cur i bhfeidhm clár agus athbhreithniú. Déanfar an dul chun cinn a fhíorú trí úsáid a bhaint as sonraí SEAI, taifid soláthair, taifid taistil agus tuairisciú inmheánach.

Cuirfidh an Fhoireann Ghlas tuairiscí bliantúla ar dhul chun cinn ar fáil don Fhoireann Ardbhainistíochta agus achoimre bhliantúil faoi bhráid an Bhoird. Déanfar na torthaí a thuairisciú go poiblí freisin tríd an Tuarascáil Bhliantúil agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Déanfar athbhreithniú meántéarma in 2028 agus measúnú deiridh in 2030 chun measúnú a dhéanamh ní hamháin ar baineadh na spriocanna amach, ach freisin ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí agus ar a gcomhoiriúnacht le caomhnú na hoidhreachta. Cuirfidh na torthaí bonn eolais faoin gcéad timthriall straitéise eile agus treoróidh siad nuashonruithe ar an Treochlár bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.



9 Rannpháirtíocht agus Feasacht

Mar atá leagtha amach, cé go bhfuil tionchar díreach na Comhairle Oidhreachta ar an gcomhshaol measartha beag, tá tionchar forleathan aici. Braitheann fíordhul chun cinn ar leas a bhaint as an tionchar sin chun an inbhuanaitheacht a leabú i gcleachtais oidhreachta agus chun a léiriú conas is féidir leis an oidhreacht cur le gníomhú ar son na haeráide. Dá bhrí sin, tá an rannpháirtíocht fite fuaite tríd an Straitéis seo, mar uirlis chun í a chur i bhfeidhm agus mar thomhas ar a hinchreidteacht araon.

Tá an chomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla fós lárnach. Tá ról ríthábhachtach ag Oifigigh Oidhreachta, Oifigigh Bhithéagsúlachta agus ag gairmithe eile maidir le beartais a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Oibreoidh an Chomhairle Oidhreachta leo trí chomhoiliúint, uirlisí comhroinnte agus imeachtaí piarfhoghlama chun a chinntiú go ndéantar an inbhuanaitheacht a chomhtháthú go comhsheasmhach i dtionscadail oidhreachta áitiúla. Cinnteoidh comhoibriú leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide go gcuirfear dearcthaí oidhreachta san áireamh i bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil.

Ar an leibhéal náisiúnta, leanfaidh an Chomhairle Oidhreachta de bheith ag comhoibriú le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, leis an gClár Fionnachtana agus le comhpháirtithe cultúrtha agus acadúla eile. Neartóidh tacair sonraí chomhroinnte, tuairisciú comhordaithe agus comhthionscadail taispeána an bonn fianaise do ghníomhú ar son na haeráide atá comhoiriúnach le caomhnú na hoidhreachta. Tríd an Líonra Oidhreachta Aeráide agus trí chomhpháirtíochtaí Eorpacha eile, déanfar taithí na hÉireann a roinnt le comhghleacaithe idirnáisiúnta.

Roinnfidh an Chomhairle Oidhreachta dea-chleachtais óna cuid oibríochtaí féin freisin. Bainfear úsáid as an gclár bainistíochta fuinnimh agus as iarfheistiú Áras na hOidhreachta, atá bunaithe ar phrionsabail chaomhnaithe, mar uirlis foghlama do bhaill foirne, d'fhaighteoirí deontas agus don phobal oidhreachta i gcoitinne. Roinnfear sonraí monatóireachta, roghanna dearaidh agus ceachtanna caomhnaithe go hoscailte trí cheardlanna, páipéir threorach agus ardáin dhigiteacha chun cabhrú le daoine eile foirgnimh stairiúla a iarfheistiú ar bhealach atá freagrach ó thaobh na haeráide de.

Díreofar sa rannpháirtíocht phoiblí ar rannpháirtíocht ghníomhach agus ar fhoghlaim chomhroinnte. Áireofar gníomhaíochtaí praiticiúla inbhuanaitheachta i ngach ceann de na cláir náisiúnta, amhail Oidhreacht sna Scoileanna, Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Glac le Séadchomhartha, Líonra Bailte Múrtha na hÉireann, an Clár Oiliúna i Scileanna Traidisiúnta, Scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta agus scéimeanna deontais eile de chuid na Comhairle Oidhreachta. Leathnófar ábhar na gceachtanna maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht faoin gclár Oidhreacht sna Scoileanna; beidh téamaí athfhillteacha maidir leis an oidhreacht agus gníomhú ar son na haeráide mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta; déanfar bearta éifeachtúlachta fuinnimh, oiriúnaithe don athrú aeráide nó

bithéagsúlachta a chomhtháthú i dtionscadail Glac le Séadchomhartha; cuirfidh Líonra Bailte Múrtha na hÉireann deisiúchán agus athúsáid ísealcharbóin chun cinn i dtionscadail mhaoinithe; leagfaidh an Clár Oiliúna i Scileanna Traidisiúnta béim ar an ról atá ag scileanna caomhnaithe agus ag ábhair inbhuanaithe maidir le tionchair charbóin a laghdú; agus leanfaidh Scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta agus an clár deontas níos leithne de bheith ag léiriú conas a thacaíonn teicnící traidisiúnta, ábhair áitiúla agus cúram pobail don oidhreacht leis an mbithéagsúlacht, le héifeachtúlacht fuinnimh agus le teacht aniar na timpeallachta tógtha agus nádúrtha.

Déanfaidh snáithe digiteach nua, Scéalta Oidhreachta, na tionscnaimh seo a nascadh le chéile tríd an ardán Léarscáileanna Oidhreachta. Déanfaidh sé samplaí de ghníomhú ar son na haeráide agus na hoidhreachta faoi stiúir an phobail a mhapáil, agus sonraí spásúla á gcomhcheangal le grianghraif, físeáin nó scéalta gearra a léireoidh an tionchar atá ag athruithe ar shuíomhanna oidhreachta agus an chaoi a bhfuil pobail ag freagairt dóibh. Is é an toradh a bheidh air sin ná taifead beo den teacht aniar agus den athchóiriú, a nascfaidh eispéiris áitiúla le spriocanna náisiúnta agus Eorpacha.

Léiríonn go leor de na cláir seo ceannaireacht láidir cheana féin maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, agus tógann an Straitéis ar an mbunsraith sin. Leanfaidh an Chomhairle Oidhreachta de thacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh a bhfuil ag éirí go maith leo, agus cuirfidh sí leis an uaillmhian sna réimsí ina bhfuil deis níos mó a dhéanamh. Tabharfar bearta nua isteach de réir a chéile agus go cúramach, ionas go mbeidh na héilimh ar bhaill foirne agus ar fhaighteoirí deontas réalaíoch, agus é mar chuspóir soiléir tionchar agus infheictheacht na hoibre a mhéadú le himeacht ama. Tríd an gcur chuige comhtháite seo a ghlacadh, déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta an inbhuanaitheacht a neadú ina cultúr eagraíochtúil féin, agus cuirfidh sí ar chumas pobal, scoileanna agus comhpháirtithe ról gníomhach a ghlacadh i bhfreagairt na hÉireann don athrú aeráide atá bunaithe ar an oidhreacht.

10 Leabharliosta

Antaris Consulting (2023) Energy Audit of Áras na hOidhreachta. Tuarascáil nár foilsíodh leis an gComhairle Oidhreachta.

Bluett, M. & O'Donoghue, J. (2022) Stage 2 Energy Reduction Report. Tuarascáil nár foilsíodh leis an gComhairle Oidhreachta.

An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. (2021) An tOireachtas (Éire). Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/32/enacted/en/print (Arna rochtain: 25 Meán Fómhair 2025).

An Coimisiún Eorpach (2019) An Comhaontú Glas. COM (2019) 640 deiridh. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.

An tAontas Eorpach (2021) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (an Dlí Aeráide Eorpach). Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L243, lgh 1-17.

An tAontas Eorpach (2024) Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869. Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L1991, an 29 Iúil 2024.

Fehily Timoney agus a Chuideachta (2024) Measúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta agus Tuarascáil ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara. Tuarascálacha nár foilsíodh leis an gComhairle Oidhreachta.

Rialtas na hÉireann (2023) Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030. Baile Átha Cliath: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Rialtas na hÉireann (2024) An Creat um Oiriúnú Náisiúnta 2024. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Rialtas na hÉireann (2025a) An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Rialtas na hÉireann (2025b) Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2025. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

An tAcht Oidhreachta, 1995. (1995) An tOireachtas (Éire). Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1995/act/4/enacted/en/print (Arna rochtain: 25 Meán Fómhair 2025).

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI). (2024). Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí. An SEAI. Ar fáil ag: https://www.seai.ie/sites/default/files/publications/Public-Sector-Annual-Report-2024.pdf (Arna rochtain: 25 Meán Fómhair 2025).



11 Aguisíní

Cuirtear ábhar tacaíochta ar fáil sna haguisíní don Straitéis Inbhuanaitheachta agus don Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Áirítear leo sonraí bonnlíne maidir le fuinneamh agus astaíochtaí, chomh maith leis an gclár rioscaí. Léiríonn na hacmhainní seo an chaoi ar cuireadh torthaí an Mheasúnaithe ar Thionchar na hInbhuanaitheachta agus an Iniúchta Fuinnimh i bhfeidhm go praiticiúil, agus soláthraíonn siad an bonn fianaise chun na bearta a chur i gcrích tríd an Treochlár bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Aguisín 1. Sonraí Bonnlíne

Déantar feidhmíocht na Comhairle Oidhreachta maidir le fuinneamh agus astaíochtaí a rianú trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), a sholáthraíonn an bhonnlíne reachtúil do Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí. Is í an tréimhse thagartha meán 2016-2018.

Tábla 11.1 Bonnlíne Fuinnimh agus Astaíochtaí (Tacar Sonraí M&T an SEAI)

Táscaire	Bonnlíne (Meán 2016-2018)	2024 (sealadach)	Sprioc 2030	Athrú Riachtanach
Iomlán CO_2 (kg)	40,680	33,705	14,685	–56 %
Iontaise CO_2 (kg)	21,649	24,488	10,608	–57 %
Innéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh (2009 = 100)	100	54.5	50.0	4.5 pointe

Mar atá cúrsaí anois

Tá laghdú 17% tagtha ar na hastaíochtaí iomlána i gcomparáid leis an mbonnlíne, go príomha mar gheall ar dhícharbónú na heangaí leictreachais. Tá méadú tagtha ar astaíochtaí ó bhreoslaí iontaise de réir mar atá úsáid an fhoirgnimh méadaithe, rud a leagann béim ar an ngá le haistriú chuig córas téimh níos inbhuanaithe agus le feabhsúcháin ar chreatlach an fhoirgnimh chun spriocanna 2030 a bhaint amach.

Meascán fuinnimh, 2024


Is ionann leictreachas agus thart ar 31% den úsáid iomlán fuinnimh (62,517 kWh) agus 27% de na hastaíochtaí, agus is ionann gás agus 69% den úsáid fuinnimh (138,237 kWh) agus 73% de na hastaíochtaí. Dá bhrí sin, tá an foirgneamh fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise chun spásanna agus uisce a théamh.

Tábla 11.2 Úsáid Fuinnimh de réir Foinse (2024, M&T an SEAI)

Saghas Fuinnimh	Ídiú (kWh, 2024)	Sciar den Iomlán (%)	Astaíochtaí Bainteacha (kg CO_2, 2024)	Sciar d'Astaíochtaí (%)
Leictreachas	62,517	31	9,216	27
Teirmeach (gás)	138,237	69	24,488	73
Iomlán	200,754	100	33,705	100


Físor 11.1 Treocht CO2 Iomlán an SEAI (2009-2024 le líne sprice 2030)

(Foinse: Tacar Sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI)



Físor 11.2 Innéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh an SEAI (2009-2024 le líne sprice 2030 = 50.0)


(Foinse: Tacar Sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI)



Taispeántar i bhFíor 11 3 conas a úsáidtear fuinneamh laistigh d'Áras na hOidhreachta. Déantar an t-ídiú iomlán fuinnimh in 2023 a mhiondealú de réir téimh, uisce te, soilsiú, trealamh oifige agus fóntais eile. Aithnítear sa mhiondealú seo na réimsí inar féidir na coigiltí is mó a bhaint amach, agus cuireann sé bonn eolais faoi na bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus iarfheistithe atá beartaithe agus atá leagtha amach sa Straitéis.

Fíor 11.3 Ídiú Fuinnimh (kWh) i gceanncheathrú na Comhairle Oidhreachta in 2023, miondealaithe de réir Saghas Fuinnimh agus Fóntais

(Foinse: Iniúchadh Fuinnimh, Antaris, 2023)



Coinnítear na sonraí teicniúla tacaíochta uile ón Measúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta (2024) agus ón Iniúchadh Fuinnimh (2023) i gcomhad, agus úsáidtear iad chun bonn eolais a chur faoin Treochlár bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide agus faoi phleanáil na mbeart iarfheistithe.

Aguisín 2 Gníomhartha Mionsonraithe agus na rannóga agus spriocanna freagracha

Spriocanna

Sprioc 1. Laghduithe intomhaiste ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí a bhaint amach in Áras na hOidhreachta

Sprioc 2. Prionsabail inbhuanaitheachta a leabú i soláthar agus in oibríochtaí laethúla

Sprioc 3. Scileanna agus rialachas a neartú chun tacú le soláthar

Sprioc 4. Ceannaireacht a léiriú agus an fhoghlaim a roinnt ar fud na hearnála oidhreachta

Sprioc 5. Feabhsú leanúnach a chothú trí athbhreithniú agus meastóireacht rialta

Gníomhartha

Uimhir	Téacs an ghnímh	Ceannasaí	Tacaíocht	Spriocdháta	Toradh tuartha
1.1	Leanúint de Mhonatóireacht agus Tuairisciú an SEAI agus clár bainistíochta fuinnimh an SEAI a chur i bhfeidhm mar an príomhchreat chun na hoibreacha a chur i gcrích.	Athrú Aeráide	Corparáideach, Caomhnú	Tosú in 2026, ar bun go leanúnach	Sonraí agus cuntasacht chomhsheasmhach don fhuinneamh agus astaíochtaí
1.2	Foireann deartha faoi stiúir caomhnú a cheapadh (2026).	Caomhnú	Corparáideach, Athrú Aeráide	2026	An saineolas ceart i bhfeidhm d'oibreacha comhlíontacha atá oiriúnach don chaomhnú
1.3	Clár oibreacha céimnithe a fhorbairt (2026-2027)	Caomhnú	Athrú Aeráide; Corparáideach	2026-2027	Pacáiste soiléir oibreacha, a chuirtear san ord sin go laghdófar riosca agus cur isteach
1.4	An toiliú agus an maoiniú riachtanach a fháil (2027-2028).	Caomhnú	Corparáideach, Athrú Aeráide, Airgeadas	2027-2028	Ceadanna agus airgeadas i bhfeidhm chun leanúint ar aghaidh
1.5	Oibreacha iarfheistithe a sholáthar ar bhonn leanúnach (2028-2030).	Caomhnú	Corparáideach, Athrú Aeráide, Conraitheoirí	2028-2030	Laghduithe tomhaiste ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí ag Áras na hOidhreachta
1.6	Clár cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le linn na n-oibreacha iarfheistithe ar an bhfoirgneamh.	Cumarsáid	Athrú Aeráide; Caomhnú	ar bun go leanúnach	Cuireadh an fhoireann agus páirtithe leasmhara ar an eolas, ceachtanna breactha síos agus roinnte
2.1	An beartas soláthair a nuashonrú chun a chinntiú go gcuirtear critéir an tSoláthair Phoiblí Ghlais (GPP) de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) san áireamh i ngach tairiscint ábhartha.	Corparáideach	Airgeadas; Athrú Aeráide	R1 2026	Ailíniú beartais le riachtanais na hearnála poiblí

Uimhir	Téacs an ghnímh	Ceannasaí	Tacaíocht	Spriocdháta	Toradh tuartha
2.2	Seiceáil ar chomhlíonadh cheanglais an tSoláthair Phoiblí Ghlais a thabhairt isteach mar chuid d'iniúchtaí soláthair.	Corparáideach	Deontais agus Airgeadas; Athrú Aeráide	R1 2026	Comhlíonadh infhíoraithe le critéir ghlasa
2.3	A chinntiú go gcomhlíonann soláthar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) na caighdeáin riachtanacha éifeachtúlachta fuinnimh don earnáil phoiblí.	Corparáideach	Deontais agus Airgeadas; Athrú Aeráide	ó 2026, gach bliain	Éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr ag sócmhainní TFC
2.4	A éileamh go mbeidh gach córas nua soilsithe, téimh agus meicniúil ar chlár Triple E de tháirgí atá ceadaithe mar tháirgí atá tíosach ar fhuinneamh.	Corparáideach	Caomhnú, Deontais agus Airgeadas	ó 2026	Caighdeáin riachtanacha á mbaint amach ag trealamh atá tíosach ar fhuinneamh
2.5	Deireadh a chur le plaistigh aonúsáide ag cruinnithe agus athchúrsáil a leathnú chun dramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus cadhnraí a chur san áireamh.	Corparáideach	Athrú Aeráide; Gach Rannóg	I rith 2026	Níos lú dramhaíola, athchúrsáil níos fearr
2.6	Na bearta éifeachtúlachta acmhainní a cheanglaítear faoi Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta maidir le huisce, dramhaíl, dramhaíl bhia agus páipéar.	Corparáideach	Athrú Aeráide; Deontais agus Airgeadas	ó 2026, ar bun go leanúnach	Gníomhartha éifeachtúlachta acmhainní faoi shainordú leabaithe
2.7	A éileamh go gcaithfear 10% ar a laghad den chaiteachas bliantúil iomlán faoi gach conradh nua soláthair bia ar tháirgí orgánacha deimhnithe, agus go gcuirfear deimhniú bailí agus sonraisc mhiondealaithe ar fáil mar fhianaise air sin.	Corparáideach	Deontais agus Airgeadas; Athrú Aeráide	ó 2026, athbhreithniú bliantúil	Deimhneofar go mbeidh ar a laghad 10% de réir luacha (€) de bhia a lorgaítear faoi shocruithe nua conartha orgánach
2.8	Taisteal oibre a laghdú agus aistriú chuig modhanna taistil a bhfuil astaíochtaí carbóin níos ísle, crainn chinnteoireachta a thabhairt isteach san áireamh d'eitiltí.	Corparáideach	Athrú Aeráide	ó 2026, athbhreithniú bliantúil	Astaíochtaí taistil níos lú, cleachtas comhsheasmhach
3.1	Oiliúint bhliantúil ar an inbhuanaitheacht a chur ar fáil do gach ball foirne agus don Fhoireann Ardbhainistíochta. Cinnteoidh an Chomhairle go gcuirfear oiliúint bhreise ar cheannaireacht aeráide i gcrích faoi 2028.	Athrú Aeráide	Taighde, Foghlaim agus Oidhreacht Chultúrtha; Cumarsáid	tosú in 2026; ar bun ag an mBord faoi 2028	Cumas níos fearr i measc na foirne, na foirne Ardbhainistíochta agus an Bhoird

Uimhir	Téacs an ghnímh	Ceannasaí	Tacaíocht	Spriocdháta	Toradh tuartha
3.2	Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn a fhoilsiú, a bheidh ailínithe le sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) an SEAI agus le Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.	Athrú Aeráide	Corparáideach; Deontais agus Airgeadas; Cumarsáid	ó 2026, gach bliain	Tuairisciú soiléir poiblí in aghaidh spriocanna agus méadracht reachtúil
3.3	Gealltanais inbhuanaitheachta a leabú i bpleananna foirne, i mbuiséid agus i gcuspóirí an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).	Corparáideach	Ardbhainistíocht; Deontais agus Airgeadas; Athrú Aeráide	Timthriall pleanála 2026	Dreasachtaí soláthair ar aon dul leis an straitéis
3.4	Seisiúin ghearra treorach nó acmhainní ar líne a fhorbairt d'fhaighteoirí deontas agus do bhaill foirne maidir leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil tionscadal agus i soláthar.	Athrú Aeráide	Deontais agus Airgeadas; Corparáideach	na chéad eisiúintí in 2027	Cabhair phraiticiúil a fheabhsaíonn pleanáil agus tairiscintí
3.5	Foireann Ghlas inmheánach ghníomhach a choinneáil ar bun chun tacú le tionscnaimh inbhuanaitheachta faoi stiúir na mball foirne, feabhsúcháin ar chostas íseal a aithint agus athruithe praiticiúla sa ghnáthobair laethúil a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.	Corparáideach	Athrú Aeráide	Ar bun ó 2026	Cuireann an fhoireann leis an gcur i bhfeidhm trí ghníomhaíochtaí infheicthe ar chostas íseal; cuirtear bearta simplí i bhfeidhm a bhaineann torthaí tapa amach; agus tacaíonn cultúr inmheánach na heagraíochta leis na cuspóirí inbhuanaitheachta.
4.1	Cás-staidéar náisiúnta a fhoilsiú ar iarfheistiú Áras na hOidhreachta, lena n-áireofar costais, sonraí feidhmíochta, ceachtanna a foghlaimíodh agus treoir is féidir a chur i bhfeidhm ar struchtúir chosanta eile.	Caomhnú	Athrú Aeráide; Corparáideach; Cumarsáid	dréacht in 2027; foilsiú in 2028; nuashonrú in 2030	Cás-staidéar inchreidte do struchtúir faoi chosaint
4.2	Sraith straitéisí phraiticiúil amháin nó páipéar beartais amháin a ullmhú gach dara bliain maidir le hiarfheistiú inbhuanaithe, bithéagsúlacht nó soláthar ísealcharbóin.	Caomhnú	Athrú Aeráide; Deontais agus Airgeadas; Cumarsáid	gach dhá bhliain ó 2026	Aschur inúsáidte d'údaráis áitiúla agus pobail
4.3	Imeachtaí bliantúla piarfhoghlama a eagrú le gairmithe oidhreachta sna húdaráis áitiúla, chun cleachtais áitiúla a nascadh le cuspóirí náisiúnta aeráide.	Athrú Aeráide	Caomhnú; Cumarsáid	gach bliain ó 2026	Pobal cleachtais níos láidre

Uimhir	Téacs an ghnímh	Ceannasaí	Tacaíocht	Spriocdháta	Toradh tuartha
4.4	Leanúint de chritéir agus cuspóirí a bhaineann le tairbhí aeráide a chomhtháthú i ngach scéim deontais. Tús áite níos mó a thabhairt don inbhuanaitheacht agus do thairbhí aeráide laistigh de scéimeanna sonracha trí na critéir agus na cuspóirí a nuashonrú. Nótaí treorach simplí a chur ar fáil chun cabhrú le hiarratasóirí freagairt go héifeachtach do na ceanglais sin. Bealaí praiticiúla a aithint chun tionchar na dtionscadal maoinithe ar an aeráid agus ar an inbhuanaitheacht a thomhas agus a thuairisciú	Deontais agus Airgeadas	Athrú Aeráide; Taighde, Foghlaim agus Oidhreacht Chultúrtha	Céim 1 (2025/2026): Na critéir agus na cuspóirí don LBAP agus don HOSF a nuashonrú; treoir shimplí a chur ar fáil don CHGS agus don HOSF. Céim 2 (2026/2027): Critéir agus cuspóirí a nuashonrú do gach scéim bhainteach eile. Treoir a ullmhú d'aon Scéim eile. Bealach a aithint chun tionchar a thomhas. Céim 3 (2027/2028): Tuairisciú ar thionchar aeráide agus inbhuanaitheachta tionscadal maoinithe.	Tionchar treisithe aeráide agus inbhuanaitheachta i measc na gclár maoinithe go léir
4.5	An inbhuanaitheacht a leabú sna cláir náisiúnta Thaighde, Foghlama agus Oidhreachta Cultúrtha, lena n-áirítear an clár Oidhreacht sna Scoileanna agus an Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (MSPI)	Taighde, Foghlaim agus Oidhreacht Chultúrtha	Athrú Aeráide	2027 agus ar bun go leanúnach	Léirítear gealltanais inbhuanaitheachta i gcláir atá dírithe ar an bpobal
4.6	An inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na gclár for-rochtana, lena n-áirítear an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta	Cumarsáid	Athrú Aeráide	2026-2027 agus ar bun go leanúnach	Gealltanais inbhuanaitheachta luaite i ngnéithe de chláir agus de sholáthar na Seachtaine Oidhreachta
4.7	An inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na gclár oidhreachta tógtha, lena n-áirítear Líonra Bailte Múrtha na hÉireann, Scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta agus an clár Glac le Séadchomhartha	Caomhnú	Athrú Aeráide	Ar bun ó 2026	Faoi dheireadh 2028, tá Líonra Bailte Múrtha na hÉireann, Scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta agus an clár Glac le Séadchomhartha á n-oibriú i leith caighdeán foilsithe inbhuanaitheachta.
4.8	Sraith dhigiteach 'Scéalta Oidhreachta' a fhorbairt, lena nascfar tionscadail na Comhairle Oidhreachta le taighde agus léirmhíniú maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide i gcomhthéacs na hoidhreachta.	Athrú Aeráide	Taighde, Foghlaim agus Oidhreacht Chultúrtha; Cumarsáid	Á sheoladh in 2027	Beartas á cheangal le gníomh ag scéalta inrochtana

Uimhir	Téacs an ghnímh	Ceannasaí	Tacaíocht	Spriocdháta	Toradh tuartha
5.1	Grúpa beag saineolaithe a bhunú chun comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna teicniúla, caomhnaithe agus monatóireachta, agus chun cabhrú leis na ceachtanna a foghlaimíodh a aistriú ina dtreoir agus ina n-oiliúint ar leibhéal náisiúnta.	Athrú Aeráide	Caomhnú; Saineolaithe Seachtracha	ar bun in 2026	Dúshlán neamhspleách agus cáilíocht theicniúil níos fearr
5.2	Áras na hOidhreachta a úsáid mar shuíomh píolótach don nuálaíocht, agus torthaí teicniúla agus monatóireachta a fhoilsiú chun bonn eolais a chur faoi chleachtais náisiúnta.	Caomhnú	Athrú Aeráide; Corparáideach	ón gcéad phacáiste oibreacha, 2028 ar aghaidh	Treoir bunaithe ar shonraí feidhmíochta fíorshaoil
5.3	An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú laistigh de shé mhí ó fhoilsiú gach Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta nua.	Athrú Aeráide	Ardbhainistíocht; gach Rannóg trí Chorparáideach	an chéad nuashonrú in 2026, agus ansin ar CAPanna a eisiúint	Straitéis ailínithe le beartas náisiúnta
5.4	Athbhreithniú meántéarma a choimisiúnú in 2028 agus meastóireacht deiridh in 2030 chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhoiriúnacht na Straitéise le caomhnú na hoidhreachta a mheas.	Athrú Aeráide	Corparáideach	meántéarma 2028; dáta deiridh 2030	Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht agus comhoiriúnacht oidhreachta

Aguisín 3. Tionchair Ábhartha Chomhshaoil

Aithníodh sa Mheasúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta na tionchair chomhshaoil is suntasaí atá ag an gComhairle Oidhreachta. Deimhníodh go bhfuil lorg carbóin díreach na heagraíochta beag, agus gurb iad úsáid fuinnimh agus taisteal is cúis le formhór na n-astaíochtaí oibríochtúla. Os a choinne sin, bíonn tionchair dhearfacha shuntasacha ag cláir, maoiniú agus obair bheartais na Comhairle trí chaomhnú agus feabhsú oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha na hÉireann a chur chun cinn.

Dá bhrí sin, caitear le fuinneamh agus taisteal mar thionchair ábhartha sa Straitéis seo, agus coinnítear dramhaíl, uisce agus soláthar mar shaincheisteanna neamhábhartha ó thaobh tionchar suntasach de, ach atá tábhachtach maidir le feasacht a ardú agus rannpháirtíocht na foirne a spreagadh.

Tá miondealú iomlán ar rangú na dtionchar le fáil i dTábla 9-1 den Mheasúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta (Fehily Timoney agus a Chuideachta, 2024).

Aguisín 4. Achoimre ar Rioscaí

Aithníodh sa Mheasúnú ar Thionchar na hInbhuanaitheachta roinnt rioscaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na Straitéise. Rinneadh iad seo a bheachtú i bhfoirm achoimre ghonta ar rioscaí, le haghaidh monatóireacht leanúnach ag an bhFoireann Ghlas agus ag an bhFoireann Ardbhainistíochta. Coinneofar clár mionsonraithe rioscaí go hinmheánachy.

Riosca	Cur Síos	Maolú	Aonad Freagrach
Caomhnú	D'fhéadfadh bearta éifeachtúlachta fuinnimh nó iarfheistithe drochthionchar a imirt ar chreatlach chosanta an fhoirgnimh nó ar a luach oidhreachta.	Dearadh atá bunaithe ar phrionsabail chaomhnaithe a chur i bhfeidhm, athbhreithniú piaraí neamhspleách a dhéanamh, agus na bearta a chur i bhfeidhm de réir a chéile.	An Fhoireann Ghlas / Comhairleoir Caomhnaithe
Idirchaidreamh foirne	D'fhéadfadh baill foirne cur i gcoinne beartais nua taistil nó bearta atá dírithe ar athrú iompraíochta.	Cumarsáid luath, ceannaireacht infheicthe, agus roghanna praiticiúla malartacha a chur ar fáil (e.g. cruinnithe hibrideacha, iompar comhroinnte).	Acmhainní Daonna / Oibríochtaí
Cumas an deontaí	D'fhéadfadh coinníollacha inbhuanaitheachta ualach rómhór a chur ar dheontaithe nó ar chomhpháirtithe níos lú.	Na ceanglais a thabhairt isteach de réir a chéile agus ceanglais tuairiscithe chomhréireacha a chur i bhfeidhm.	An Fhoireann Deontas
Srianta airgeadais	D'fhéadfadh brúnna buiséid nó moilleanna ar mhaoiniú caipitil moill a chur ar sholáthar.	An infheistíocht a dhéanamh de réir a chéile, cómhaoiniú seachtrach a lorg, agus é a ailíniú le timthriallta na n-oibreacha caipitil.	An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí
Díriú straitéiseach	D'fhéadfaí an aird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí beaga nó siombalacha seachas ar laghduithe suntasacha ar astaíochtaí.	Maoirseacht rialta ón nGrúpa Stiúrtha agus athbhreithniú bliantúil ón mBord.	An Fhoireann Ghlas / Ardbhainistíocht

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Guthán: +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** info@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council